I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

TUAIRIMÍ

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

AN 578Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CHUID CESE — SEISIÚN ATHNUACHANA, 26.4.2023–27.4.2023.

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Moltaí CESE maidir le hathchóiriú láidir ar an Seimeastar Eorpach

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 228/01)

Rapóirtéirí: **Gonçalo LOBO XAVIER**
Javier DOZ ORRIT
Luca JAHIER

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	27.10.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	18.4.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	27.4.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	578
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	226/2/6

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. D'ainneoin a laigí, bhí ról tábhachtach ag an Seimeastar Eorpach maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú laistigh den Aontas. Mar sin féin, níor chuir na nósanna imeachta a ghabhann leis ar chumas na saoránach ná na ngníomhaithe náisiúnta, polaitiúla, eacnamaíocha ná sóisialta sna Ballstáit a bheith rannpháirteach ar bhonn sásúil sna próisis ná sna moltaí. Níl leibhéal rannpháirtíochta na sochaí sibhialta eagraithe sa Seimeastar leordhóthanach ná ar chaighdeán sách ard i bhformhór na mBallstát. Tháinig feabhas ar an gcomhairliúchán maidir leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar sin féin, níor comhdhlúthaíodh é seo agus baineadh céimeanna ar gcúl as roinnt tíortha le déanaí, ar chúiseanna polaitiúla, maidir le tacú leis an rannpháirtíocht sin.

1.2. Tacaíonn ([1]) Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) le teachtaireacht an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis na treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais ([2]), arb é is aidhm dó creat beartais fhioscaigh níos solúbtha agus níos éagsúla a bhunú a mbeidh gá le caibidlíocht agus comhaontuithe idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit ina leith. Beidh géarghá le freagracht náisiúnta ó thaobh an phróisis agus na dtiomantas de más mian linn go n-éireodh leis an méid sin. Is gá athchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus ar amchláir an tSeimeastair Eorpaigh chun é sin a bhaint amach.

1.3. Measann CESE nach n-éireoidh leis na Ballstáit freagracht a ghlacadh orthu ceal rannpháirtíocht nithiúil, struchtúrach na ngníomhaithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Tá CESE den tuairim nach mór rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith ar cheann de cholúin an tSeimeastair Eorpaigh athchóirithe, chomh maith le rannpháirtíocht na bparlaimintí náisiúnta agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach. Ba cheart inniúlachtaí Pharlaimint na hEorpa a mhéadú chun gur féidir léi níos mó cearta comhchinnteoireachta a bheith aici maidir le treoirlínte beartais eacnamaíoch agus tograí de chineál Eorpach.

1.4. Molann CESE an Seimeastar Eorpach a athchóiriú chun é a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos daonlathaí, chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe a neartú agus feidhmiú an tSeimeastair a dhéanamh níos éifeachtaí, i gcomhréir le cuspóirí an fháis eacnamaíoch agus na fostaíochta ardcháilíochta, an chomhtháthaithe shóisialta agus an chóineasaithe idir na Ballstáit, agus dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na córais táscairí atá ann cheana, agus iad a chomhlánú agus a chur i gcomhréir le chéile; dá ndéanfaí amhlaidh chuideofaí leis na nósanna imeachta meastóireachta a fheabhsú.

1.5. Tá CESE den tuairim gur cheart tréimhse trí bliana a chumhdach le príomhionstraimí an tSeimeastair Eorpaigh, agus meastóireachtaí agus athbhreithnithe bliantúla a dhéanamh orthu. Tá an moladh seo comhsheasmhach leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais agus éascóidh sé na próisis a bhaineann leis an bhfreagracht náisiúnta agus le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe.

1.6. Tá sé i gcomhréir leis na moltaí tírshonracha; a bhuí leis seo, is féidir measúnú a dhéanamh ar a bhailí agus ar a éifeachtaí atá an Seimeastar Eorpach. Dá bhrí sin, creideann CESE gurb é an dreasacht is iomchuí cur chun feidhme na moltaí sin a nascadh le buiséad an Aontais agus cuid de na cistí a fháil uaidh, rud a bheadh ar aon dul leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

1.7. Molann CESE go dtabharfaí nós imeachta comhairliúcháin foirmiúil struchtúrtha isteach, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, le go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach; chumhdófaí leis seo na céimeanna dréachtaithe agus cinnteoireachta, mar aon leis na céimeanna a bhaineann leis an gcur chun feidhme agus an mheastóireacht. Is i gcomhlacht sonrach ar cheart an nós imeachta a chur i bhfeidhm, é sin nó i gcomhlacht atá ann cheana a bhfuil feidhmeanna den sórt sin sannta dó go dlíthiúil. Ba cheart ról ábhartha a bheith ag na comhairlí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta atá ann cheana sa phróiseas sin.

1.8. Is i rialachán ar leith de chuid an Aontais a chreideann CESE gur cheart prionsabail agus saintréithe ginearálta a shainiú a bhaineann le rannpháirtíocht struchtúrtha bhuan na sochaí sibhialta eagraithe le linn chéimeanna éagsúla an tSeimeastair Eorpaigh, agus urraim á tabhairt, ag an am céanna, gur faoin reachtaíocht náisiúnta atá sé na nósanna imeachta agus na comhlachtaí ina ndéantar an comhairliúchán sin a shonrú tuilleadh, agus critéir maidir le hoscailteacht, le trédhearcacht agus le hionadaíocht á gcomhlíonadh.

1.9. Dar le CESE, ba cheart critéir agus prionsabail bhunúsacha a bhunú leis an rialachán seo, a mhéid a bhaineann, *inter alia*, leis na saincheisteanna seo a leanas: amchláir (a nasctar le cláir na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus an tSeimeastair Eorpaigh), foirmiúlacht na gcruinnithe agus rochtain phoiblí ar dhoiciméadacht in am trátha agus i bhfoirm chuí, miontuairiscí, cumarsáid phoiblí maidir le tograí agus le freagairtí rialtais agus treochlár chun comhaontuithe a chur chun feidhme.

1.10. Tá CESE den tuairim go bhfuil gá le díospóireacht níos doimhne a chur ar bun maidir le hacmhainneacht fhioscach agus acmhainní dílse an Aontais. Dar le CESE, beidh gá le hearraí coiteanna Eorpacha a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin gheopholaitiúla, eacnamaíocha agus chomhshaoil a bheidh os comhair an Aontais sna blianta amach romhainn.

2. **Réamhrá**

2.1. Is é is cuspóir don tuairim seo a spreagadh go ndéanfaí machnamh agus go gcuirfí tograí le chéile le haghaidh athchóiriú láidir nósanna imeachta an tSeimeastair Eorpaigh chun go mbeidh rialachas eacnamaíoch an Aontais níos trédhearcaí, níos daonlathaí agus níos éifeachtaí, mar aon le ról níos éifeachtaí a thabhairt don tsochaí shibhialta eagraithe.

([1]) Tuairim ó CESE *Teachtaireacht maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh* (IO C 146, 27.4.2023, lch. 53).

([2]) COM(2022) 583 final, *Teachtaireacht maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh*.

2.2. Cuirtear san áireamh san anailís agus sna tograí ó CESE rialachas eacnamaíoch an Aontais, teachtaireacht an Choimisiúin lena leagtar amach treoshuímh le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, chomh maith leis an tuairim ó CESE maidir leis an teachtaireacht sin agus na rúin ón gCoiste maidir le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (2021 agus 2022) ([3]).

2.3. Mar an gcéanna le hullmhú na rún thuasluaite, chuaigh CESE i mbun comhairliúchán leathan le hionadaithe na sochaí sibhialta eagraithe, trí thoscaireachtaí náisiúnta an Ghrúpa um an Seimeastar Eorpach (a bhfuil triúr comhaltaí as gach tír ann – duine amháin in aghaidh an ghrúpa). Is éard a bhí i gceist leis an gcomhairliúchán seo ceistneoir agus cuairteanna ar 7 dtír (cruinnithe comhchéime). Leagtar amach torthaí an chomhairliúcháin san iarscríbhinn ([4]) agus déantar achoimre orthu i bpointe 5 den tuairim seo.

3. **Cúlra**

3.1. Tugadh an Seimeastar Eorpach isteach tar éis ghéarchéim 2008 mar ionstraim de rialachas eacnamaíoch an Aontais. Díríodh leis ar chobhsaíocht airgeadais na mBallstát i dtús báire, agus le himeacht ama cuireadh san áireamh ann saincheisteanna fostaíochta agus sóisialta, chomh maith le beartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha. Is éard atá i gceist leis inniu timthriall leathbhliantúil lena gcomhordaítear beartais eacnamaíocha, fostaíochta, shóisialta agus fhioscacha: cuireann na Ballstáit a mbuiséid agus a mbeartais eacnamaíocha ar comhchéim leis na cuspóirí agus na rialacha a comhaontaíodh ar leibhéal an Aontais. Tugadh isteach é in 2011 agus is fóram daingean é anois ina bpléitear na dúshláin a bhaineann le beartas fioscach, eacnamaíoch agus fostaíochta thíortha an Aontais faoi amlíne bhliantúil choiteann. Bhí gá le comhordú níos fearr idir na Ballstáit de dheasca iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta na paindéime in 2020 agus i bhfianaise an chogaidh atá ar siúl faoi láthair de thoradh an ionraidh gan chúis gan údar a rinne an Rúis ar an Úcráin. Dá bhrí sin, rinneadh an Seimeastar Eorpach a oiriúnú in 2021 chun an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur san áireamh ann. Tacóidh na pleananna téarnaimh agus athléimneachta leis na cláir athchóirithe agus infheistíochta sna blianta amach romhainn. Is mó an tairbhe a bhaintear as an Seimeastar Eorpach agus na pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta á gcur chun feidhme, a bhuí lena raon feidhme níos leithne agus lena fhaireachas iltaobhach.

3.2. De réir Airteagal 18(4)(q) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([5]), ba cheart achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin a sholáthar agus na pleananna téarnaimh agus athléimneachta á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme, achoimre a dhéantar i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, mar aon le míniú gearr ar an gcaoi a léirítear ionchur na ngeallsealbhóirí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. I measc na ngeallsealbhóirí sin tá údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige agus eagraíochtaí eile. Mar sin féin, mar a léirigh CESE ina rún a glacadh i mí na Bealtaine 2022, meastar go ginearálta gur míshásúil í rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe go nuige seo, fiú agus na difríochtaí nádúrtha idir tíortha sna próisis chomhairliúcháin atá ann cheana á gcur san áireamh.

3.3. Seo a leanas ceithre phríomhchuspóir an tSeimeastair Eorpaigh: (1) míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta iomarcacha san Aontas a chosc; (2) maoiniú poiblí atá inbhuanaithe, fónta a áirithiú (an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis); (3) tacú le hathchóirithe struchtúracha atá dírithe ar an bhfás eacnamaíoch, ar an bhfostaíocht agus ar bheartais shóisialta a chothú (Eoraip 2020, an Comhaontú Glas, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta) agus (4) borradh a chur faoi infheistíochtaí. Ina theannta sin, tá sé mar chuspóir faireachán a dhéanamh ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta, tar éis ghéarchéim COVID-19 agus ó glacadh NextGenerationEU.

3.4. D'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht i mí na Samhna 2022, inar leagadh amach treoshuímh le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais ([6]), inar moladh luachanna tagartha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis (3 % den easnamh OTI agus 60 % den chóimheas fiachais-OTI) a choinneáil agus nósanna imeachta a bhunú le haghaidh laghdú fiachais a idirdhealaítear de réir tíre agus a caibidlíodh le rialtais na dtíortha sin (le pleananna náisiúnta meántéarmacha maidir le conair fhioscach). Creat athbhreithnithe níos simplí, níos trédhearcaí agus níos éifeachtaí a bheadh ann, a mbeidh freagracht náisiúnta níos fearr agus forfheidhmiú níos fearr ina ndlúthchuid de. De réir an struchtúir athbhreithnithe sin, bhunófaí pleananna fioscacha na mBallstát is mó atá i bhfiacha ar feadh tréimhse ceithre bliana (agus d'fhéadfaí síneadh trí bliana breise a chur leis seo), agus ag an am céanna, bheadh siad faoi réir clár oibre sonrach maidir le hinfheistíocht agus athchóiriú a comhaontaíodh cheana, ar clár oibre é a ndéanfar faireachán ar chomhlíonadh air ar bhonn bliantúil. Léirítear "spiorad NextGenerationEU", mar a thugtar air, sa togra seo. Tugtar faoi deara

([3]) Rúin ó CESE maidir le *Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – Cad a oibríonn agus cad nach n-oibríonn?*, arna ghlacadh i mí Feabhra 2021 (IO C 155, 30.04.2021, lch. 1) agus *Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – An féidir linn feabhas a chur uirthi?*, arna ghlacadh i mí na Bealtaine 2022 (IO C 323, 26.08.2022, lch. 1).

([4]) Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuairim féintionscnaimh *Moltaí CESE maidir le hathchóiriú láidir ar an Seimeastar Eorpach (europa.eu)*.

([5]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.02.2021, lch. 17).

([6]) COM(2022) 583 final.

sna conclúidí ó Chomhairle Ecofin an 14 Márta 2023 ([7]) go bhfuil réimsí cóineasaithe tuairimí i measc na mBallstát agus go bhfuil roinnt réimsí ann ina bhfuil gá le tuilleadh oibre a dhéanamh ar chreat athbhreithnithe. Leis na conclúidí sin, cuirtear treoir pholaitiúil ar fáil maidir le hullmhú na dtograí reachtacha ábhartha ón Coimisiún. Go háirithe, chuir an Chomhairle in iúl gur cheart do na Ballstáit na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus na geallsealbhóirí ábhartha eile a rannpháirtiú ar bhealach tráthúil fóinteach ag gach céim de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh agus an cheaptha beartas, mar go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun go n-éireoidh le comhordú agus cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch, fostaíochta agus shóisialta. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an méid seo an 23 Márta.

3.5. Leis an ionstraim chomhordúcháin seo, tá iarracht leanúnach déanta ag CESE chun rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe a spreagadh i gcinntí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dó. Is é an cuspóir a bhí leis sin dlisteanacht dhaonlathach agus muinín na sochaí sibhialta in institiúidí an Aontais a neartú agus a áirithiú go gcuirfear na pleananna agus na cláir oibre náisiúnta thuasluaite chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí. Cuireadh an comhairliúchán sin ar bun, dá bhrí sin, chun moltaí na sochaí sibhialta eagraithe sna Ballstáit a shainaithint, agus neartaíodh an ról atá acu sna próisis sin dá réir. Cuireadh san áireamh sa chomhairliúchán na hathruithe leanúnacha a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach (is iad sin, cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, comhtháthú chaibidil REPowerEU agus an t-athbhreithniú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais).

4. **An mhodheolaíocht a úsáideadh sa chomhairliúchán seo**

4.1. Bailíodh na sonraí agus an fhaisnéis a bhí ag teastáil don tuarascáil seo idir mí na Nollag 2022 agus mí an Mhárta 2023. Fuarthas 23 aighneacht náisiúnta (freagraí ar na ceisteanna sa cheistneoir agus/nó aiseolas ó na cruinnithe comhchéime) ar an iomlán ([8]). Reáchtáladh na comhairliúcháin i bhfianaise an tsaineolais a bhí ag na comhaltaí féin agus bhí baint ag na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta leo. I dtíortha áirithe, bhí baint ag comhairlí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta nó a macasamhlacha de chomhlachtaí leo, agus i dtíortha eile chuathas i gcomhairle le hionadaithe rialtais freisin.

4.2. Baineann an tuairim seo leas freisin as foinsí seachtracha, amhail foilseacháin ó mheithleacha machnaimh, staidéir taighde chomparáidigh agus díospóireachtaí náisiúnta. Ina theannta sin, seoladh an ceistneoir chuig roinnt eagraíochtaí sochaí sibhialta Eorpacha, chuig codanna den Ghrúpa Idirchaidrimh in CESE agus chuig ionadaithe eile as na trí ghrúpa in CESE.

5. **Rudaí a tugadh faoi deara sna torthaí ar an gcomhairliúchán**

Roinn I: Obair leantach ar an obair a rinneadh cheana ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta

5.1. Ceist 1 – *An staid mar atá maidir le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe i gcur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta*

Ar an iomlán, is beag athrú suntasach a rinneadh. Is iad seo a leanas na príomhchonstaicí: easpa toil pholaitiúil na rialtas, easpa cur chuige córasach agus aonfhoirmeach maidir le faireachán, agus easpa nósanna imeachta agus struchtúir bhuana agus fhoirmiúla le haghaidh faisnéise agus idirphlé. Molann an tsochaí shibhialta eagraithe ardán lárnach maidir leis an Seimeastar Eorpach a chruthú, lena n-áireofaí an fhaisnéis náisiúnta uile, sásraí caighdeánaithe comhairliúcháin agus faireacháin a chruthú a mbeadh ról níos gníomhaí acu do chomhairlí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta (agus do chomhlachtaí coibhéiseacha).

Roinn II: Dearcthaí na sochaí sibhialta eagraithe ar an Seimeastar Eorpach

Ceist 2 – *Comhairliúchán na sochaí sibhialta eagraithe faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.*

Meastar, tríd is tríd, nach leordhóthanach ná éifeachtach an comhairliúchán leis an tsochaí shibhialta eagraithe i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus nach ann ach foirmiúlacht a bhfuil ráta glactha íseal ag na tograí a bhaineann leis. Is é seo a leanas a mholann na geallsealbhóirí náisiúnta a cuireadh faoi agallamh: timthriall comhairliúcháin sainithe agus rialta ina mbeadh rochtain níos fearr ar dhoiciméadacht agus trédhearcacht níos fearr, foilsiú na dtorthaí, amchlár a bheidh comhsheasmhach le timthriall an tSeimeastair Eorpaigh, agus infheictheacht an phróisis don phobal.

5.2. Ceist 3 – *Éifeachtacht agus dlisteanacht an tSeimeastair Eorpaigh mar uirlis chun beartais eacnamaíoch agus fhioscacha a chomhordú*

Is mór ag formhór ionadaithe na sochaí sibhialta eagraithe ról an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhordú na mbeartas eacnamaíoch agus fostaíochta; cé go gcuireann na heasnaimh a léirítear cosc ar éifeachtacht agus ar dhlisteanacht níos fearr a bheith aige, measann siad go gcuireann an t-ualach riaracháin agus easpa modh comhairliúcháin struchtúrtha agus aonfhoirmeach bac ar idirghníomhaíocht an phróisis. Is údar cáinte dóibh freisin ráta glactha íseal na moltaí tírshonracha,

([7]) An Seimeastar Eorpach 2023 – Tuarascáil sintéise ó Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh (20.3.2023).
([8]) AT, BE, BG, CZ, IE, IT, EL, ES, FI, FR, HR, CY, LT, LU, HU, MT, NL, PL, RO, SI, SK, SE agus DK.

mar aon le comhtháthú lag de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus táscairí sóisialta sna sásraí meastóireachta. Molann tromlach na n-ionadaithe tús áite a thabhairt do chuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha agus an Seimeastar Eorpach á athchóiriú.

5.3. Ceist 4 – *Moltaí Tírshonracha*

Is éard a thug formhór na bhfreagróirí le fios go bhfuil na moltaí tírshonracha i gcomhréir le dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha; chuir siad in iúl, lena chois sin, go gcreideann siad go bhfuil na moltaí róghinearálta nó ró-dhírithe ar an inbhuanaitheacht fhioscach, go ndéantar faillí leo ar na saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte, leis an oideachas agus leis an gcuimsiú sóisialta, agus nach léirítear leo ach go páirteach leasanna na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta. Chun feabhas a chur ar an gcomhlíonadh le moltaí tírshonracha, beidh gá le hailíniú níos fearr le tosaíochtaí an rialtais agus na saoránach, sásraí faireacháin agus meastóireachta atá níos trédhearcaí agus níos rannpháirtí, agus córas níos éifeachtaí de dhreasachtaí agus smachtbhannaí.

5.4. Ceist 5 – *Tús áite a thabhairt do neartú Cholú(i)n an tSeimeastair Eorpaigh*

Treisíodh tosaíocht na n-athchóirithe struchtúracha agus an fháis de bharr na paindéime. Cuireann athchóirithe struchtúracha athléimneacht an gheilleagair chun cinn, rud nach féidir a dhéanamh ceal infheistíochta, arb é an dara tosaíocht é den Seimeastar Eorpach. Ba cheart d'infheistíochtaí tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus leis an gcomhtháthú sóisialta. Ní mór neartú an idirphlé shóisialta agus rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa Seimeastar a ráthú le gníomh reachtach Eorpach. Níor cheart inbhuanaitheacht riachtanach an airgeadais phoiblí a chur i gcoinne infheistíochtaí lena gcuirtear cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos chun cinn.

5.5. Ceist 7 – *Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIEnna)*

Tá formhór na bhfreagróirí den tuairim gur gá an nasc idir CSIEnna agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha a neartú agus idirphlé polaitiúil agus sóisialta agus sineirgí idir comhlachtaí náisiúnta atá i gceannas ar an Seimeastar Eorpach agus ar CSIEnna a bhainistiú chun treochlár a chur i gcrích d'fhonn moltaí tírshonracha a chur chun feidhme. Ba cheart na nithe a leanas a chur chun cinn: comhtháthú agus cóineasú níos fearr na gcuspóirí, na mbeartas agus na n-acmhainní náisiúnta, nasc níos fearr idir cistí agus beartais Eorpacha agus úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní chun tacú le forbairt na réigiún is mídheisiúla.

Roinn III: Dearcthaí na sochaí sibhialta eagraithe ar rialachas eacnamaíoch na hEorpa

5.6. Ceist 6 – *Gnéithe atá le neartú chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear rialachas eacnamaíoch na hEorpa chun feidhme*

Meastar gurb iad an trédhearcacht agus an chuntasacht na gnéithe is tábhachtaí chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear rialachas eacnamaíoch na hEorpa chun feidhme. Tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh rochtain ag na geallsealbhóirí uile ar fhaisnéis maidir le moltaí beartais eacnamaíoch agus maidir lena gcur chun feidhme, chun táscairí, tairseacha agus spriocanna soiléire maicreacnamaíochta a chruthú le go mbeidh creat rialachais eacnamaíoch an Aontais agus an Seimeastar Eorpach níos mionsonraithe, níos dírithe agus níos inláimhsithe. Ina theannta sin, meastar gur cheart rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa, na bparlaimintí náisiúnta, na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú chun a áirithiú go léireofar riachtanais agus ábhair imní réimse leathan geallsealbhóirí le beartais eacnamaíocha.

6. **Barúlacha ginearálta**

Athbhreithniú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh

6.1. Tacaíonn CESE leis na tograí ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú an rialachais eacnamaíoch ([9]) agus iarrann sé go nglacfaí na hionstraimí reachtacha go pras ionas gur féidir leo teacht i bhfeidhm in 2024, nuair a chuirfear deireadh le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis freisin.

6.2. Beidh athruithe ar nósanna imeachta an tSeimeastair Eorpaigh i gceist leis na hathruithe atá sa teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach, go háirithe na hathruithe a bhaineann le laghdú leibhéal an fhiachais phoiblí sna Ballstáit faoi phrionsabail na difreála agus na solúbthachta ([10]). Creideann CESE nach mór do rannpháirtíocht na ngníomhaithe náisiúnta polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta a bheith mar thoradh air sin freisin chun ionadaíocht dhaonlathach fhónta na sochaí ina hiomláine a chosaint. Ba cheart breithniú cuí a dhéanamh sa réimse tábhachtach seo den bheartas eacnamaíoch ar na tuairimí agus na leasanna éagsúla a ndéanann na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ionadaíocht ar leith orthu. Leagann an Coimisiún béim ar a thábhachtaí atá an fhreagracht náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach go dtógfadh agus go neartódh pleananna meántéarmacha náisiúnta maidir leis an gconair fhioscach an méid a rinneadh i gcomhthéacs na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, i.e. trí airteagal atá cosúil le hAirteagal 18(4)(q) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur san áireamh, lena gcruthaítear oibleagáid chun grinnscrúdú níos doimhne a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann na Ballstáit i gcomhairle le héilimh na sochaí sibhialta eagraithe agus a n-ionchorpraítear sna pleananna iad. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear san áireamh tuairimí na gcomhpháirtithe

([9]) Tuairim ó CESE *Teachtaireacht maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh* (IO C 146, 27.4.2023, lch. 53).

([10]) Leag CESE moladh amach maidir leis an tsolúbthacht seo i bpointí 3.6 agus 3.7 den tuairim thuasluaite.

sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe sna pleananna sin agus maidir lena gcur chun feidhme.

6.3. Tá an Coimisiún tar éis teachtaireacht a fhoilsiú dar teideal *A Green Deal Industrial Plan for the Net-Zero Age* [Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aois Glan-Nialasach] ([11]). Déantar plé ar an ngá atá le comhlíonadh chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a áirithiú, coincheap neamhspleáchas tionsclaíoch straitéiseach na hEorpa a chur chun feidhme agus bearta chun iomaíochas thionscal glas na hEorpa a neartú i bhfianaise iarmhairtí an Ghnímh um Laghdú Boilscithe arna chur chun cinn ag rialtas na Stát Aontaithe. Ceann de na moltaí i bplean tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais is ea Ciste Eorpach Ceannasachta a chruthú, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, chun infheistíocht a dhéanamh sna teicneolaíochtaí is nuálaí i réimse an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh "chun an comhtháthú agus an margadh aonair a chosaint ar na rioscaí a eascraíonn as infhaighteacht éagothrom státchabhrach" ([12]).

6.4. Áirítear sa díospóireacht pholaitiúil agus acadúil ar rialachas eacnamaíoch an Aontais saincheisteanna amhail buanacmhainn lárnach fhioscach a fhorbairt don Aontas, mar aon le leibhéal agus cineál na n-acmhainní is ceart a bheith ag an Aontas. Ní hé is cuspóir don tuairim seo trácht a dhéanamh ar na saincheisteanna sin. Creideann CESE gur cheart d'institiúidí an Aontais dianmhachnamh a dhéanamh gan mhoill ar na saincheisteanna sin agus ar shamhlacha chun beartais airgeadaíochta, fhioscacha agus bhuiséadacha a chomhtháthú tuilleadh. Mar sin féin, creideann CESE go labhraíonn sé ar son fhormhór eagraíochtaí na sochaí sibhialta eagraithe san Eoraip nuair a thugann sé le fios go bhfuil sé ríthábhachtach teacht ar réitigh choiteanna Eorpacha agus earraí coiteanna Eorpacha a fhorbairt chun dul i ngleic leis na dúshláin gheopholaitiúla, eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta atá os comhair an Aontais agus a Bhallstát agus chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun feidhme go rathúil d'fhonn samhail eacnamaíoch a áirithiú atá níos táirgiúla, níos iomaíche agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de. Dar le CESE, tá gá le comhbheartas tionsclaíoch Eorpach chun an bhearna theicneolaíoch leis na Stáit Aontaithe agus leis an tSín a dhúnadh agus chun slabhraí luacha a neartú. Tá na hinstitiúidí Eorpacha ag iarraidh neamhspleáchas straitéiseach a bhaint amach, i réimsí amhail an beartas eachtrach agus cosanta agus beartais thionsclaíocha, theicneolaíocha, trádála, sláinte, scileanna, taighde agus forbartha. Le go n-éireoidh leis seo, bheadh réitigh choiteanna Eorpacha agus earraí coiteanna Eorpacha de dhíth. Tá níos mó ná réitigh náisiúnta atá bunaithe ar acmhainneacht fhioscach gach Ballstáit ag teastáil, rud a d'fhéadfadh difear tromchúiseach a dhéanamh d'fheidhmiú an mhargaidh aonair, arb é ceann de na héachtaí is fearr atá bainte amach ag an Aontas Eorpach.

6.5. Creideann CESE nach mór luí isteach ar leas iomchuí, éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ann cheana agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní poiblí uile atá ar fáil agus as na hionstraimí maoiniúcháin agus infheistíochta poiblí príobháideacha atá ar fáil don Aontas chun earraí coiteanna Eorpacha a mhaoiniú. Chuige sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh an tsolúbthacht is mó is féidir ann i gcur chun feidhme na gclár agus sna sineirgí agus san aistriú cistí a dhéanfar eatarthu, in éineacht le cur i bhfeidhm dianchóras meastóireachta agus faireacháin. Más ann do rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, d'fhéadfadh an próiseas sin a bheith níos trédhearcaí agus níos éifeachtaí.

6.6. D'ainneoin a bhfuil thuas, beidh gá le cistiú breise Eorpach ó thaobh scála na riachtanas infheistíochta, ó thaobh earraí coiteanna agus tacaíocht don infheistíocht atá le déanamh ag na Ballstáit. Ina theannta sin, ní mór na coinníollacha cearta a chruthú freisin chun an infheistíocht phríobháideach iomchuí a áirithiú agus chun an creat rialála is iomchuí a áirithiú san fhadtéarma. Ba é sin an tuairim a chuir CESE in iúl sa rún thuasluaite (2022) maidir leis na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, pleananna atá nasctha le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach agus le dlús a chur leis an aistriú fuinnimh. Ní mór a thuiscint go bhfuil cur chun feidhme rathúil na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ina choinníoll riachtanach chun tús a chur le dul chun cinn a dhéanamh sa treo sin.

6.7. Creideann CESE nach mór don dea-rialachas eacnamaíoch agus buiséadach saincheist chóras ioncaim an Aontais féin a réiteach a luaithe is féidir, agus nach mór na gealltanais a leagtar amach in CAI 2021-2027 agus NextGenerationEU a chomhlíonadh agus an dúshraith a leagan síos chun an buiséad Eorpach a neartú san fhadtéarma.

An Seimeastar Eorpach agus na nósanna imeachta a ghabhann leis

6.8. D'ainneoin a laigí, bhí ról tábhachtach ag an Seimeastar Eorpach maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú. Mar sin féin, ní chuireann na nósanna imeachta a ghabhann leis ar chumas na saoránach ná na ngníomhaithe náisiúnta, polaitiúla, eacnamaíocha ná sóisialta sna Ballstáit a bheith rannpháirteach go soiléir ná go rialta sna próisis ná sna moltaí. Le linn mhórchúlú eacnamaíoch an chéid seo, bhí an Seimeastar Eorpach ina chonair tarchurtha do bheartais a bhí comhthimthriallach agus a d'eascair, ar ndóigh, as prionsabail an gheilleagair pholaitiúil ar dá réir a bainistíodh é. Ní hionann seo agus an freagra a thug na hinstitiúidí Eorpacha ar ghéarchéim COVID-19, inar cuireadh nósanna imeachta an Rialacháin maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in ionad nósanna imeachta an tSeimeastair Eorpaigh. Is dreasacht dhearfach iad na deontais agus na hiasachtaí dá chuid, agus a bhuí leo cuireadh samhail shonrach de phleanáil tháscach d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe struchtúracha i dtoll a chéile, samhail a cruthaíodh trí na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Nuair a thiocfaidh deireadh leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ní bheidh sé indéanta filleadh ar shamhail an tSeimeastair a bhí ann roimhe seo. Dá bhrí sin, tá gá leis an athchóiriú atá á mholadh ag CESE.

([11]) COM(2023) 62 final.

([12]) Ag labhairt di ag seisiún iomlánach CESE an 24.1.2023, thuairiscigh Margrethe Vestager, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, gur EUR 677 mbilliún a bhí sa mhéid a leithdháil na Ballstáit ar chuideachtaí ó thús na paindéime; fuair an Ghearmáin 50 % den mhéid seo, agus fuair an Fhrainc 25 %.

6.9. Is éagsúil ó thaobh nádúir agus tromchúise iad na fadhbanna sna Ballstáit a shainaithin an tsochaí shibhialta eagraithe, ar fadhbanna iad a bhaineann le feidhmiú an tSeimeastair Eorpaigh agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar sin féin, is iad seo a leanas na gnéithe is mó a cáineadh:

— ní leor cáilíocht ná trédhearcacht na cumarsáide leis na geallsealbhóirí ná leis an tsochaí;

— ó thaobh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta eagraithe, is annamh a bhaintear leibhéal sách ard amach le gur féidir a aithint a áisiúla atá siad.

— is deacair do na gníomhaithe náisiúnta polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta uile a bheith rannpháirteach agus na treoirlínte a áirítear sna pleananna náisiúnta um athchóiriú agus sna moltaí tírshonracha a chomhlíonadh de bharr na dtréimhsí ama cúnga atá ann don chomharliúchán laistigh de chreat an tSeimeastair Eorpaigh;

— i roinnt mhaith cásanna, is lag é struchtúr na gcuspóirí agus na dtograí sna pleananna náisiúnta um athchóiriú agus sna moltaí tírshonracha agus is beag leas ar féidir a bhaint as a n-ábhar sóisialta;

— tá leibhéal comhlíonta na moltaí tírshonracha easnamhach i roinnt tíortha agus is léir nach raibh an sásra smachtbhannaí éifeachtach.

6.10. Chuir nósanna imeachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta feabhas ar chúrsaí ar bhealaí áirithe. Cé go bhfuilimid fós ar tí an mheastóireacht mheántéarmach a dhéanamh ([13]), léirigh na comhairliúcháin a rinneadh don dá rún thuasluaite ó CESE agus don tuairim sin leibhéal suntasach comhlíonta leis na hathchóirithe is gá. Níl aon amhras ach go bhfuil baint aige sin leis an dreasacht dhearfach a sholáthraítear trí chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a fháil. Mar sin féin, tá leibhéal cur chun feidhme na n-infheistíochtaí tite ar gcúl. Tháinig feabhas ar leibhéal rannpháirtíochta na sochaí sibhialta eagraithe sna luathchéimeanna de chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis an leibhéal a baineadh amach le linn chéim an ullmhúcháin agus i gcomparáid le gnáthleibhéal an tSeimeastair. Níor tháinig feabhas ar bith air in 2022, áfach, agus tugadh céimeanna tromchúiseacha ar gcúl faoi deara i roinnt tíortha, i ngeall ar athruithe polaitiúla.

6.11. Chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat rialachais eacnamaíoch, mar a mhol an Coimisiún, ní mór an Seimeastar a oiriúnú. A bhuí le creat coiteann athbhreithnithe an bheartais fhioscaigh, beidh creat níos solúbtha agus níos éagsúla ar fáil, agus beidh caibidlíochtaí agus comhaontuithe idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit san áireamh. Tiocfaidh athruithe ar amchláir agus ar nósanna imeachta an tSeimeastair Eorpaigh dá bharr seo. Ionas go leanfaidh sé de bheith éifeachtach agus rathúil, beidh air freagracht náisiúnta ar an bpróiseas agus ar na gealltanais a rinneadh a éascú, rud nach féidir a bhaint amach ach amháin le rannpháirtíocht níos leithne ó ghníomhaithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta sa phróiseas. I ngeall ar an méid sin, creideann CESE gur gá do rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith ar cheann de cholúin an tSeimeastair Eorpaigh athbhreithnithe. Tá rannpháirtíocht na bparlaimintí náisiúnta agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ríthábhachtach freisin.

6.12. Tá sé curtha in iúl ag CESE cheana féin gur mhaith leis go rialódh gníomh reachtach Eorpach rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa Seimeastar Eorpach. D'fhéadfaí Airteagal 18(4)(q) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a mheas mar chuid lárnach den riail ba mhaith le CESE a thabhairt isteach. Ba cheart rialachán a bheith ann lena leagtar síos bunphrionsabail agus saintréithe na gcomhairliúchán le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ar an gcaoi sin, thabharfaí urraim sa rialachán do thraidisiúin agus do nósanna imeachta náisiúnta maidir le rannpháirtíocht shóisialta; bheadh ceangal ann freisin an rialachán céanna a chur i gcrích i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus leis na buntréithe a leagtar síos sa rialachán Eorpach.

6.13. D'fhógair an Coimisiún Eorpach go bhfoilseofar teachtaireacht maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú, mar aon le moladh maidir le ról an idirphlé shóisialta ar an leibhéal náisiúnta. Creideann CESE, i gcás ina mbeadh achtú na reachtaíochta mar thoradh ar an tionscnamh sin, gur cheart é sin a bheith comhlántach leis an rialachán atá á iarraidh aige.

7. **Moltaí maidir le hathchóiriú ar an Seimeastar Eorpach**

7.1. Molann CESE an Seimeastar Eorpach a athchóiriú chun na prionsabail, na luachanna agus na treochtaí a leanas a neartú: an trédhearcacht, an daonlathas, rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, éifeachtúlacht a fheidhmithe agus fás na ngeilleagar agus na fostaíochta ardcháilíochta, rannchuidiú leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an gcothromaíocht idir na Ballstáit, agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach i ngeilleagar an Aontais a chur i gcrích.

7.2. Chuige sin, ní mór na córais táscairí atá ann cheana – córais eacnamaíocha agus fostaíochta, sóisialta agus comhshaoil – a athnuachan, a fhorlíonadh agus a chur i gcomhréir le chéile, chun na nósanna imeachta meastóireachta a neartú, agus ba cheart na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach iontu freisin.

([13]) Tuarascáil mheastóireachta CESE *Meastóireacht mheántéarmach ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta* (le glacadh i mí Mheán Fómhair 2023).

7.3. Tá CESE go mór ar son Seimeastar Eorpach a chuirfidh gné shóisialta na gcinntí eacnamaíocha san áireamh i gcónaí agus geilleagair an Aontais á gcomhordú agus tograí á gceapadh chun borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe. Na bearta a chuirtear chun cinn sa Seimeastar, ní mór tús áite a thabhairt leo d'acmhainneacht nuálaíochta, d'fhás táirgiúlachta agus do chur chun feidhme aistrithe córa i gclaochlú glas agus digiteach gheilleagar na hEorpa agus do chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. "Inbhuanaitheacht iomaíoch an Aontais" a thugtar ar an gcothromaíocht thorthúil seo, mar a shainmhínítear sa dá thuairim dheireanacha maidir leis an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, agus tacaíonn CESE go hiomlán léi.

7.4. Creideann CESE gur cheart tréimhse trí bliana a bheith i gceist le príomhionstraimí an tSeimeastair, i.e. an Straitéis Bhliantúil um Fhás Inbhuanaithe, na pleananna náisiúnta um athchóiriú agus na moltaí tírshonracha. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí próiseas rannpháirtíochta níos fearr a bheith ann do ghníomhaithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta, go méadófaí an fhreagracht náisiúnta agus go gcothófaí cur chun feidhme níos fearr na n-ionstraimí sin.

7.5. Cuideoidh comhlíonadh na moltaí tírshonracha sa mheántéarma, rud atá á mholadh ag CESE, le measúnú a dhéanamh ar bhailíocht agus ar éifeachtacht an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, sainaithníodh sa chomhairliúchán a rinneadh i gcomhthéacs na tuairime seo dearcthaí na sochaí sibhialta eagraithe maidir le luach na smachtbhannaí i gcás neamhchomhlíonta agus maidir leis na cineálacha smachtbhannaí is éifeachtaí. Creideann CESE gurb é an cur chuige is iomchuí dreasachtaí le haghaidh comhlíonta a chur ar fáil chun gealltanais náisiúnta a chomhlíonadh trína nascadh le buiséad an Aontais agus trí chistí áirithe a bheith á bhfáil ag na Ballstáit, rud a bheadh ar aon dul le samhail na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Chun go mbeidh na gealltanais sin cothrom agus comhleanúnach le colúin uile an rialachais eacnamaíoch, tá sé ríthábhachtach go mbeidh próiseas na freagrachta náisiúnta daonlathach agus go mbeidh gníomhaithe polaitiúla agus sóisialta rannpháirteach ann.

7.6. Is éard a bheadh i gceist le Seimeastar Eorpach níos daonlathaí comhlachtaí polaitiúla daonlathacha Eorpacha agus náisiúnta a bheith rannpháirteach ina nósanna imeachta agus, i gcásanna áirithe, ina chinntí. Tá tagairt á déanamh ag CESE do Pharlaimint na hEorpa agus do na parlaimintí náisiúnta, agus d'institiúidí polaitiúla áitiúla agus réigiúnacha chomh maith. Ní hé foirmlí ná inniúlachtaí sonracha a mholadh aidhm na tuairime seo. Mar sin féin, ba cheart a chur in iúl go gceanglaítear ar na hinstitiúidí náisiúnta sin ról tábhachtach a bheith acu maidir le pleananna agus moltaí a tharraingt suas agus maidir le meastóireacht a dhéanamh orthu, mar gheall ar an bpróiseas freagrachta náisiúnta a ghabhann le moltaí agus bearta an tSeimeastair, rud atá riachtanach ar mhaithe le héifeachtacht na moltaí agus na mbeart sin. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart inniúlachtaí Pharlaimint na hEorpa a mhéadú chun gur féidir léi comhchinneadh a dhéanamh maidir le mór-threoirlínte beartais eacnamaíocha agus tograí de chineál Eorpach.

7.7. Molann CESE go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí ionadaíocha na sochaí sibhialta rannpháirteach trí nós imeachta comhairliúcháin foirmiúil struchtúrtha ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart rannpháirtíocht a bheith ann ag céim dréachtaithe na dtreoirlínte, na moltaí agus na mbeart agus ag na céimeanna cur chun feidhme agus meastóireachta. Ba cheart comhlacht sonrach a bheith ann, a d'fhéadfadh a bheith ann cheana, a mbeadh sé de chúram air go foirmiúil agus go dlíthiúil comhairliúchán an tSeimeastair Eorpaigh a chur i gcrích agus ról a thabhairt don tsochaí shibhialta maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an Seimeastar Eorpach. D'fhéadfadh ról ábhartha a bheith ag comhairlí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta i gcomhairliúchán agus i meastóireacht an tSeimeastair Eorpaigh in a lán tíortha. Is faoi chúram na dtíortha aonair é seo, áfach, agus ní mór é a eagrú i gcomhréir le traidisiúin agus reachtaíocht gach Ballstát. I láthair na huaire, cinneann tíortha aonair freisin an mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach tríd an nós imeachta céanna agus tríd an gcomhlacht céanna nó trí phróisis ar leith.

7.8. Creideann CESE gur cheart rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta eagraithe i gcéimeanna éagsúla an tSeimeastair Eorpaigh a bhunú trí bhíthin rialachán de chuid an Aontais lena leagtar amach na luachanna, na prionsabail agus na príomhthréithe atá le hurramú, rud a d'fhágfadh gur gá na nósanna imeachta agus na comhlachtaí atá freagrach as iad a chur chun feidhme a shonrú i reachtaíocht náisiúnta. Tá CESE den tuairim gurb é an méid seo a leanas na príomhcheanglais chun próiseas comhairliúcháin fhoirmiúil éifeachtach a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus gur cheart próiseas den chineál sin a áireamh i rialachán den sórt sin:

— Ní mór don phróiseas a bheith buan agus struchtúrtha agus ba cheart na sonraíochtaí a bheith faoi rialú ag an reachtaíocht náisiúnta; maidir leis na Ballstáit sin a bhfuil reachtaíocht den sórt sin i bhfeidhm acu cheana, ba cheart an reachtaíocht a athbhreithniú agus a nuashonrú i gcomhréir le forálacha rialachán an Aontais.

— Níor cheart próiseas aonuaire a bheith ann, atá teoranta do thréimhse nó bliain ar leith; ba cheart é a bhunú ar bhuansásra iomchuí comhairliúcháin agus malartaithe, lena gcumhdaítear na céimeanna éagsúla go léir, le struchtúir agus modhanna leordhóthanacha. Ba cheart tuarascálacha rialta ar an bpróiseas comhairliúcháin a fhoilsiú go bliantúil, iad a tharchur chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig na parlaimintí náisiúnta agus iad a chur ar fáil don tsochaí shibhialta eagraithe agus don phobal i gcoitinne i ngach Ballstát.

— Ní mór do na nósanna imeachta critéir na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na hionadaíochta a chomhlíonadh. Ba cheart na doiciméid agus an staidreamh uile a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus leis an Seimeastar Eorpach a chumhdach le rochtain oscailte ar fhaisnéis, lena n-áirítear príomhshonraí maidir le tionscadail infheistíochta agus torthaí na scórchlár eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. Ba cheart úsáid a bhaint as tairseacha gréasáin lena dtugtar le chéile iad ar bhealach atá struchtúrtha go hiomchuí i ngach Ballstát.

— Ní mór do gach Ballstát an cineál comhlachta, nó comhlachtaí, trína gcuirfear an próiseas rannpháirtíochta i gcrích, a shonrú, mar aon leis na saintréithe ba cheart a bheith acu chun a áirithiú go mbeidh a gcomhaltaí ionadaíoch agus nach gcuirfear isteach ar an bpolaitíocht lena gceapachán. Ba cheart dul i gcomhairle go foirmiúil leis an tsochaí shibhialta eagraithe ag céim dréachtaithe phríomhdhoiciméid an tSeimeastair Eorpaigh – an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus na treoirlínte fostaíochta, na cláir náisiúnta um athchóiriú agus na moltaí tírshonracha, etc. – agus sna céimeanna cur chun feidhme agus measúnaithe. Ba cheart rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe a leathnú chuig na próisis athchóirithe a eascraíonn as na moltaí tírshonracha agus as an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta, nó as sásra athbhreithnithe an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch.

— Ba cheart na hamchláir don phróiseas comhairliúcháin a bheith aonchineálach go leordhóthanach ar leibhéal an Aontais chun cóineasú a áirithiú maidir le próiseas comhchoiteann agus chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na cláir atá i bhfeidhm cheana féin agus leo siúd atá curtha in oiriúint do chomhtháthú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta sa Seimeastar Eorpach.

— Tionólfar na cruinnithe in am trátha agus i bhfoirm chuí, agus seolfar na doiciméid agus an fhaisnéis is gá chuig na comhpháirtithe sóisialta agus chuig eagraíochtaí na sochaí sibhialta a ghlacfaidh páirt, rud a thabharfaidh dóthain ama d'ionadaithe ón tsochaí shibhialta eagraithe staidéar a dhéanamh orthu. Tógfar miontuairiscí ag na cruinnithe agus cuirfear na moltaí a dhéanfaidh ionadaithe ón tsochaí shibhialta eagraithe san áireamh iontu.

— Ba cheart do na rialtais náisiúnta agus don Choimisiún freagairt go tráthúil do mholtaí na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-ionchorpraítear na tograí agus na freagairtí réasúnaithe i ndoiciméid oibre an tSeimeastair Eorpaigh, ina chéimeanna éagsúla. Ba cheart treochlár a chur san áireamh freisin chun tograí ar glacadh leo a chur chun feidhme.

— Is féidir rannpháirtíocht toscairí ó eagraíochtaí ionadaíocha na sochaí sibhialta eagraithe agus comhairliúcháin struchtúrtha fhoirmiúla a chomhlánú le comhairliúcháin ar líne, bíodh sin oscailte nó leathoscailte; ní féidir an méid sin a chur in ionad na rannpháirtíochta sin riamh, áfach.

7.9. Tá CESE den tuairim gur cheart critéir chomhchosúla a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta an idirphlé shóisialta agus idirphlé na sochaí sibhialta, mar aon leis na comhlachtaí a thacaíonn leo ar an leibhéal Eorpach. Tá éagsúlachtaí sa raon feidhme, san ábhar agus sna hamchláir, agus dá bharr sin, is soiléir go mbeadh gá le roinnt oiriúnuithe.

An Bhruiséil, an 27 Aibreán 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE